Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 - 2006
Cuid V111, Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 - 2007

Feabhsúcháin ar Mhórlána Bus Ráth Fearnáin
Fógra Taispeána Poiblí

De bhun na gceanglas thuas fógraítear leis seo beartas chun an scéim seo a leanas a chur ar fáil: Feabhsúcháin ar Mhórlána Bus Ráth Fearnáin ar Bhóthar Ráth Fearnáin Baile Átha Cliath 6W, Bhóthar Thír an Iúir Thuaidh Baile Átha Cliath 6W, Bhóthar Chrois Araild, Baile Átha Cliath 6W, Shráid Chlann Bhreasail Baile Átha Cliath 8, An Cuarbhóthar Theas Baile Átha Cliath 8, Shráid Harrington Baile Átha Cliath 8, Shráid Richmond Theas Baile Átha Cliath 2, Sráid Camden Uachtarach Baile Átha Cliath 2, Sráid Camden Íochtarach Baile Átha Cliath 2, Sráid Loch Garman Baile Átha Cliath 2, Chnoc Réamainn Baile Átha Cliath 2, Bhóthar Adelaide Baile Átha Cliath 2, agus Ardán Phort an Iarla.

Tá an beartas seo á reachtáil i gcomhar leis an Scéim um Feabhsúcháin Mórlána Bus Ráth Fearnáin i gceantar riaracháin Chomhairle Contae Átha Cliath Theas.

Tá an Scéim um Feabhsúcháin Mórlána Bus Ráth Fearnáin mar chuid den Líonra Mórlána Bus ag nascadh bealaí bus ó Bhóthar na Gráinsí agus Ascaill Gharrán Chnó ag dul i dtreo Lár Chathair Bhaile Átha Cliath

Seo a leanas codanna na lánaí bus a mholtar:

Isteach
- Síneadh ar na lánaí bus atá ann cheana ag druidim le Plás Thír an Iúir / Bóthar Ráth Fearnáin, Bóthar Ráth Fearnáin/Ascaill Tivoli, Bóthar Chrois Araild/Bóthar Parnell, An Cuarbhóthar Theas,/Sráid Chlann Bhreasail, Sráid Harrington/Sráid Camden, Sráid Camden Íochtarach/Sráid Pleasants, acomhail Shráid Camden/Rae Camden.
- Lána bus a sholáthar idir Sráid Victoria agus Ascaill Ghort na mBláth ar An gCuarbhóthar Theas.
- Lána bus a sholáthar idir Bóthar Ghleanntán na Fuinseoige agus Ascaill Chnocán Tallant ar Bhóthar Ráth Fearnáin.
- Lána bus a sholáthar idir Páirc Ráth an Dúin agus Páirc na dTor ar Bhóthar Ráth Fearnáin
- Cosc ar casadh ar dheis chuig Ascaill Ghort na mBláth ón gCuarbhóthar Theas

Amach
- Lána bus in aghaidh an tsrutha ar Shráid Camden agus ar Shráid Richmond
- Lána bus láir ar Ardán Phort an Iarla.
- Lána bus a sholáthar ar Bhóthar Adelaide
- Síneadh ar na lánaí bus atá ann cheana ag druidim le Sráid Stamer/Sráid Harrington, An Cuarbhóthar Theas / Shráid Chlann Bhreasail
- Cosc ar casadh ar dheis chuig Páirc Ráth an Dúin ó Bhóthar Ráth Fearnáin agus chuig Bóthar Heytesbury ó Shráid Harrington
- Lána bus a sholáthar do chuid de Bhóthar Chrois Araild idir Ascaill Radharc na Páirce agus Bóthar Laighean
-

Dhá thrasrian coisithe nua faoi threoir soilse tráchta a sholáthar ag acomhal An Chuarbhóthair Theas/ Shráid Chlann Bhreasail

Tá sé d'acmhainn ag an Scéim buntáistí móra a sholáthar d'úsáideoirí iompair phoiblí ar an mbealach:
- Amanna agus iontaofacht turais bhus a fheabhsú trí spás bóithre a athdháiliú agus áiseanna Eolas do Phaisinéiri Fíor-ama a chur ar fáil.
- Áiseanna do rothaithe, do choisithe agus do dhaoine lag-ghluaiste agus ar mhíchumas a fheabhsú
- Córas rialaithe soilse tráchta a uasghrádú
- Bearta sábháilteachta a fheabhsú

Beidh Pleananna/Sonraí den scéim a mholtar ar fáil le himscrúdú nó le ceannach ar luach, nach mó ná an costas is réasúnta chun cóip a dhéanamh, i rith gnáthuaireanta oibre ó **3 Lúnasa 2010 go dtí 17 Meán Fómhair** ag:

- **Oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8** dir na huaireanta 9.00am – 4.30pm Luan go hAoine

- **Leabharlann Thír an Iúir, Bóthar Theach Mealóg, Baile Átha Cliath 6W** idir na huaireanta 1.00pm - 8.00pm, Luan, Céadaoin: agus 10.00am - 5.00pm Máirt, Déardaoin go Satharn

Is féidir aighneachtaí agus tuairimí ar an bhforbairt a mholtar, agus iad ag déileáil le pleanáil agus forbairt chuí an limistéir ina bhfuil an fhorbairt suite, a chur i scríbhinn chuig:

An Bainisteoir Feidhmiúcháin
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
An Roinn Pleanála
Bloc 4, Urlár 0
Oifigí na Cathrach
An Ché Adhmaid
Baile Átha Cliath 8.

Nó cuir r-phost chuig: observations@Baile Átha Cliathcity.ie

Is é an tráth is déanaí chun aighneachtaí nó tuairimí a ghlacadh ná roimh 4**.30pm Dé hAoine 1 Deireadh Fómhair 2010.**
Tá tuilleadh eolais faoin scéim ar fáil ag **www.baileathacliath.ie/roadsandtraffic/qbnprojectoffice**

QBN office

NDP National Development Plan Transforming Ireland

Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority

Dublin City Council Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath